INITIATIVE OF
THE EUROPEAN UNION

# AN DO CHATHAIR A BHEIDH MAR **CHEANNRÓDAÍ GLAS EORPACH NA TURASÓIREACHTA CLISTE?**

BILEOG EOLAIS



# AN DO CHATHAIR A BHEIDH MAR **CHEANNRÓDAÍ GLAS EORPACH NA TURASÓIREACHTA CLISTE?**

Tá comórtas nua á sheoladh ag an gCoimisiún Eorpach chun an gradam **Ceannródaí Glas Eorpach na Turasóireachta Cliste 2024** a bhronnadh. Tá sé mar aidhm ag an ngradam seo aitheantas a thabhairt do chinn scríbe beaga a bhfuil straitéisí rathúla curtha i bhfeidhm acu chun **turasóireacht inbhuanaithe** a threisiú trí chleachtais aistrithe glasa.

Gabhann Ceannródaí Glas Eorpach na Turasóireachta Cliste áit chomórtas **Chinn Scríbe Barr Feabhais na hEorpa (EDEN)** a thug an Coimisiún Eorpach isteach den chéad uair in 2007 mar thionscnamh chun luach saothair a thabhairt do chinn scríbe turasóireachta inbhuanaithe neamhthraidisiúnta a bhí ag teacht chun cinn san Eoraip. Is ionann é agus gradam Phríomhchathair na hEorpa um Thurasóireacht Chliste, **do chinn scríbe beaga inbhuanaithe.**

An ceann scríbe a léiríonn na straitéisí nó na bearta is rathúla chun turasóireacht inbhuanaithe a spreagadh trí chleachtais aistrithe glasa – agus a rachaidh i gcion ar an nGiúiré Eorpach le clár spreagúil don bhliain ina mbeidh an gradam acu – is uirthi siúd a bhronnfar an teideal **"Ceannródaí Glas Eorpach na Turasóireachta Cliste 2024".**

> Déan iarratas ar líne ar an láithreán gréasáin SmartTourismCapital.eu faoin 5 Iúil 2023 ag 17:00 CET.

## CAD ATÁ I GCEIST LEIS AN TIONSCNAMH SEO?

Is tionscnamh AE é Ceannródaí Glas Eorpach na Turasóireachta Cliste, arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach, a ardóidh próifíl na hEorpa mar cheann scríbe turasóireachta agus a bhunóidh líonra chun dea-chleachtas a roinnt i measc cinn scríbe Eorpacha.

Is é an taisteal inbhuanaithe aidhm bheartas turasóireachta na hEorpa le blianta beaga anuas, á threorú ag an méadú ar éileamh agus ar ionchais i measc taistealaithe agus i bpobail áitiúla araon. Cé gur chuir paindéim COVID-19 stop le taisteal le blianta beaga anuas, ba dheis uathúil í freisin chun athshocrú a dhéanamh, an meon cultúrtha a athrú agus teacht as ar shlí níos athléimní.

Tá earnáil na turasóireachta ar an tríú gníomhaíocht shocheacnamaíoch is mó san Aontas agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le cur le fás, poist agus comhtháthú. D'fhéadfadh sé fás i bhfad níos mó trí eispéiris cuairteoirí a fheabhsú, comhpháirtíochtaí nua agus deiseanna comhair a chruthú chomh maith le hinbhuanaitheacht agus nuálaíocht a neartú i gcathracha agus réigiúin na hEorpa.

Trí dhuaiseanna a bhronnadh as cleachtais eiseamláireacha sa turasóireacht chliste trína mbaintear leas as an gcumas neamhúsáidte seo, féachann an tAontas Eorpach le spreagadh a thabhairt do réitigh chuimsitheacha agus samhail turasóireacht níos inbhuanaithe agus nuálaí a chur chun cinn.

# CÉARD A DHÉANANN CEANNRODAÍ GLAS DE CHATHAIR?

Sainmhínítear cathair cheannródaíoch ghlas, chun críche an chomórtais seo, mar chathair:

- a chuireann réitigh aistrithe glasa i bhfeidhm chun a bheith ina cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe
- a bhainistíonn / a chosnaíonn a cuid acmhainní nádúrtha agus a léiríonn urraim iomlán don chomhshaol agus don bhithéagsúlacht
- a úsáideann a caipiteal críochach, sóisialta agus daonna chun earnáil na turasóireachta a fhás, ar mhaithe le rathúnas na cathrach agus cáilíocht bheatha níos fearr dá háitritheoirí

# CÉN FÁTH AR CHÓIR DO CHATHAIR CUR ISTEACH AR BHEITH AR CHEANNRÓDAÍ GLAS EORPACH NA TURASÓIREACHTA CLISTE?

Tabharfaidh an teideal Ceannródaí Glas Eorpach na Turasóireachta Cliste 2024 deis uathúil chun tacaíocht spriocdhírithe cumarsáide agus brandála a fháil ar feadh bliana ó ghrúpa saineolaithe. Eagrófar gníomhaíochtaí leathana cumarsáide chun an bhuaiteoir a chur ar mhapa chinn scríbe na turasóireachta cliste agus beidh siad feiceálach mar cheannródaithe na turasóireachta cliste san Aontas Eorpach.

Chomh maith le trófaí, gheobhaidh an chathair dealbh mhór shaincheaptha a chuirfear i lár na cathrach mar chomhartha dá ngealltanas i leith turasóireacht atá inbhuanaithe.

I measc buntáistí eile, breiseofar gníomhartha promóisin na cathrach trí fhíseán gearr léirithe a dhéanamh ina dtaispeánfar éachtaí ó thaobh na turasóireachta cliste agus i dtaispeántas le linn ócáid mhór turasóireachta nó aonach taistil AE.

Mar sin beidh deis ag an gcathair a roghnófar mar Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2024 bheith mar inspioráid do chinn scríbe turasóireachta eile ar fud na hEorpa, cur lena bpróifíl chathrach féin mar cheann scríbe taistil ar ardchaighdeán, cuairteoirí a mhealladh agus fás eacnamaíoch a ghiniúint ar bhealach inbhuanaithe.

# CÉ A FHÉADANN IARRATAS A DHÉANAMH?

Tá an comórtas ar oscailt do chathracha:

- atá suite i mBallstát AE nó i dtír neamh-AE atá rannpháirteach i gcláir COSME agus an Mhargaidh Aonair [1]
- a bhfuil idir 25 000 agus 100 000 duine ina gcónaí iontu. I gcás tíortha níos lú ina bhfuil aon daonra faoi bhun mhilliún, glacfar le hiarratais ó chinn scríbe a bhfuil breis is 5 000 duine ina gcónaí iontu

*Féach an Guide for Applicants chun mioneolas a fháil ar na critéir cháilitheachta a bheidh le comhlíonadh.*

[1] An Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Íoslainn, an Chosaiv, an Mholdóiv, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an Tuirc, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe https://ec.europa.eu/docsroom/documents/39579; chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/smp/guidance/list-3rd-country-participation_smp_en.pdf

# CONAS A ROGHNÓFAR AN BUAITEOIR?

Déanfar glao ar iarratais a lainseáil i m**Bealtaine 2023**, le sprioclá d'iarratais in Iúil 2023. Sa tréimhse réamhroghnúcháin, déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleácha gach iarratas bailí a mheas i gcomórtas le sraith shocraithe critéar duaise. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, bunóidh an Coimisiún gearrliosta de 4 chathair ar a mhéad, agus iarrfar orthu a n-iarrthóireacht a chur i láthair Ghiúiré Eorpach a roghnóidh Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste 2024.

*Please Féach an Guide for Applicants chun tuilleadh eolais a fháil ar riachtanais an iarratais agus ar an gcóras meastóireachta.*

# PRÍOMHDHÁTAÍ

Lainseáil an chomórtais: **5 Bealtaine 2023**

An lá deiridh le haghaidh iarratas: **5 Iúil 2023 17:00 Am Lár na hEorpa**

Tréímhse mheastóireachta: **Iúil – Lúnasa 2023**

Fógairt an ghearrliosta dheiridh: **Meán Fómhair 2023**

Cruinniú Ghiúiré na hEorpa agus fógairt an bhuaiteora: **Samhain/Nollaig 2023**

# BREIS EOLAIS:

Léigh an **GUIDE FOR APPLICANTS** ar **SmartTourismCapital.eu**

Déan teagmháil linn trí **info@SmartTourismCapital.eu**